



**An Roinn Oideachais
agus Óige**
Department of Education
and Youth

Ag Breathnú ar Cheol

Dréacht-Treoir d'Iar-Bhunscoileanna

Clár na nÁbhar

Réamhrá	3
Foinsí fianaise a d'fhéadfaí a bhreithniú le linn féin-athbhreithniú na roinne ábhair	3
<i>Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna</i> a úsáid chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne ábhair	4
Torthaí na bhfoghlaimeoirí	5
Eispéiris na bhfoghlaimeoirí	6
Cleachtas aonair na múinteoirí	9
Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí	10
An doiciméad seo a úsáid chun tacú le do straitéis scoile uile FMS – sampla praiticiúil	13
Foinsí tagartha breise chun tacú le ranna ábhair féinmheastóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim ábhair an Cheoil	15

Réamhrá

Tá *Ag Breathnú ar Cheol (2025)* curtha le chéile ag cigirí an Cheoil chun cur go dearfach le foghlaim, teagasc agus measúnú an ábhair in iar-bhunscoileanna. Féachann sé le cleachtais féin-athbhreithnithe reatha a shaibhriú, eiseamláirí de chleachtais an-éifeachtach a fuarthas ó chigireachtaí ábhar a roinnt agus cabhrú le ranna ceoil próisis féin-athbhreithnithe san ábhar a nascadh le féinmheastóireacht leanúnach scoile uile.

Cuirtear na hábhair i láthair san ord seo a leanas:

- Liosta d'fhoinsí fianaise a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú ag roinn an cheoil. Agus machnamh á dhéanamh agat ar chomhthéacs do scoile, féadfaidh roinn an cheoil foinsí inmheánacha breise fianaise a shainithint a bhaineann le do riachtanais.
- Forbhreathnú ar conas is féidir na réimsí foghlama agus teagaisc in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* a úsáid mar uirlis chun tacú le forbairt na roinne ceoil.
- Plé ar gach réimse in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne* mar aon le scrúdú ar conas is féidir iad sin a úsáid chun tacú le féinmheastóireacht roinne ceoil, mar aon le ceistanna leide chun tacú le hathbhreithniú na roinne agus eiseamláirí ar conas a d'fhéadfadh an próiseas a bheith ar siúl sna ranna.
- Sampla praiticiúil d'fhéinmheastóireacht scoile ar ábhar ar leith (FMS) a nascadh le próiseas na scoile uile agus an FMS.
- Foinsí tagartha breise chun tacú le féinmheastóireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc an Cheoil.

Foinsí fianaise a d'fhéadfaí a bhreithniú le linn féin-athbhreithniú na roinne ábhair

- Aiseolas ó scoláirí ar a n-eispéiris foghlama trí shuirbhéanna, grúpaí fócais agus piarmheasúin.
- Athbhreithniú ar conas a chuirtear forbairt na scoláirí mar cheoltóirí chun cinn leis an ábhar.
- Iniúchadh ar eispéiris na bhfoghlaimoirí maidir leis an nasc idir ceol agus a saolta féin.
- Comhthiomsú léargais na múinteoirí agus athbhreithniú orthu maidir le scileanna praiticiúla, scileanna éisteachta agus breithmheasa, scileanna cumadóireachta na scoláirí agus a leibhéil rannpháirtíochta i bplé ranga agus i dtascanna comhoibríocha.
- Athbhreithniú ar mhiontuairiscí na gcruinnithe roinne ábhar ina dtagraítear do phríomhphointí plé. Féadfar go n-áireofar réimsí le feabhas a chur orthu a

sainaitníodh le linn cruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair (AFMÁ).

- Plé maidir le conas is féidir le teicneolaíocht dhigiteach teagasc, foghlaim agus measúnú sa Cheol a fheabhsú.
- Forbairt leanúnach agus athbhreithniú ar aonaid foghlama nó ar mhodúil do gach bliainghrúpa.
- Iniúchadh ar thuairiscí cigireachta ábhartha a bhaineann leis an gCeol agus torthaí gaolmhara ar chleachtais an-éifeachtach agus treoir maidir le feabhsú.
- Anailís ar na taifid mheasúnaithe fhoirmithigh agus shuimithigh chun tacú le dul i ngleic le riachtanais foghlama na scoláirí.
- Athbhreithniú ar raon phunanna na scoláirí agus ar ábhair scríofa eile.
- Machnamh a dhéanamh ar chuir chuige a chuireann ar chumas foghlaimeoirí úinéireacht agus freagracht a ghlacadh as feabhsú a gcuid foghlama féin.

Tá foinsí breise fianaise agus uirlisí le fáil ag www.gov.ie/ROCIgireacht

Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna a úsáid chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne ábhair

Soláthraítear in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* sraith caighdeán a chabhróidh le múinteoirí agus le ceannairí scoile measúnú a dhéanamh ar cháilíocht a gcleachtas agus na bealaí i dtreo feabhsúcháin a shainaitint. Laistigh den chreat sin, breathnaítear ar fhoghlaim agus ar theagasc trí na ceithre réimse seo a leanas atá éagsúil óna chéile, cé go bhfuil siad idirghaolmhar agus uaireanta forluiteach:

<ul style="list-style-type: none">• Torthaí na bhfoghlaimeoirí• Eispéiris na bhfoghlaimeoirí	<ul style="list-style-type: none">• Cleachtas aonair na múinteoirí• Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí
---	---

Tar éis dóibh na gnéithe den chleachtas nach mór dóibh a mheas a shainaitint agus a chomhaontú, ba chóir do scoileanna breathnú níos géire ar na réimsí agus na caighdeáin ábhartha le haghaidh na réimsí ina gcleachtas a bhfuil tuilleadh imscrúdaithe ag teastáil uathu. Beidh na ráitis ar chleachtas a bhaineann le gach caighdeán mar thagarmharc úsáideach agus níos mionsonraithe chun cabhrú le scoileanna cinneadh a dhéanamh ar éifeachtacht a gcleachtais. Má dhéanann ranna ábhair machnamh ar réimsí agus caighdeáin na foghlama agus an teagasc, beidh siad in ann na gnéithe den chleachtas atá ag oibriú go maith agus iad siúd a bhféadfaidís tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh feabhsúcháin a mheas go tapa.

Moltar díriú ar réimse amháin nó ar dhá réimse le feabhsú seachas an iomarca a ghlacadh ag aon am amháin. Cuideoidh sé sin le féin-athbhreithniú leanúnach céim ar chéim agus le pleanáil feabhsúcháin atá inbhainistithe do mhúinteoirí agus fiúntach do scoláirí.

Torthaí na bhfoghlaimeoirí

Cuimsítear leis an réimse seo agus na caighdeáin ghaolmhara dearcadh na scoláirí i leith na foghlama, a dtuiscint orthu féin agus ar dhaoine eile, an sealbhú a dhéanann siad ar eolas agus scileanna curaclaim agus a leibhéal ghnóthachtála.

Agus torthaí na bhfoghlaimeoirí á meas acu, féadfaidh roinn an cheoil na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun a dheimhniú cé acu atá an méid seo a leanas fíor nó nach bhfuil:

- baineann scoláirí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad spreagtha chun foghlama agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí.
- tá an t-eolas, na scileanna agus na dearthaí riachtanacha ag scoláirí chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint.
- léiríonn na scoláirí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a theastaíonn ón gcuraclam iar-bhunscoile.
- baineann na scoláirí na torthaí foghlama amach atá luaithe maidir le gach aonad foghlama sa tsraith shóisearach agus gach ábhar sa tsraith shinsearach.

Nuair atá torthaí na bhfoghlaimeoirí sa Cheol ar ardchaighdeán:

Bíonn deiseanna ag na scoláirí dul i ngleic le raon leathan stíleanna ceoil agus cuirtear béim chuí ar rogha na scoláirí i roghnú an ábhair. Bíonn eispéireas Ceoil acu trí chomhtháthú na dtrí dhisciplín—éisteacht, cumadóireacht agus léiriú—ionas go mbeidh a bhfoghlaim ailínithe leis an gcineál rannpháirtíochta a bhíonn ag ceoltóirí gníomhacha. Ligeann sé sin do scoláirí a scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt agus a n-eolas, a scileanna agus a dtuiscint ar an gCeol a neartú.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- Cé chomh mór is a úsáidtear réamheolas, eispéireas agus roghanna pearsanta na scoláirí maidir leis an gCeol chun eolas a dhéanamh do phleanáil agus do chinntí eile?
- Cé chomh héifeachtach is a thacaítear le scileanna litearthachta ceoil na scoláirí agus a fhorbraítear iad?
- Cén chaoi ar féidir tacú le scoláirí a scileanna taighde barántúla a fhorbairt, amhail faisnéis cheoil a aimsiú agus a roghnú agus an fhaisnéis sin a anailísiú agus a léirmhíniú?
- An dtugtar deiseanna do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus í a chur in iúl?

- An bhfuil go leor deiseanna ag na scoláirí Ceol a sheinm ar a n-uirlisí féin mar chuid den chur chuige comhtháite i múineadh an cheoil?

An chaoi ar fheabhsaigh roinn ábhair amháin cáilíocht thorthaí na bhfoghlaiméirí sa Cheol:

In iar-bhunscoil amháin, léirigh roinn an cheoil cleachtas thar a bheith éifeachtach ba chúis le torthaí foghlaiméirí an-mhaith. Bhí pleanáil na múinteoirí mionchúiseach, agus na ceachtanna eagraithe go cúramach chun scileanna na scoláirí a fhorbairt i dtaibhiú, i gcumadóireacht agus in éisteacht. Rinneadh na hintinní foghlama a chur in iúl go soiléir agus rinneadh tagairt dóibh go leanúnach i rith na gceachtanna chun tuiscint a neartú agus fócas na scoláirí a chothú.

Bhí na scoláirí an-tugtha don obair agus ghlac siad páirt go muiníneach in obair ensemble agus i dtaibhithe aonair. Bhí a gcumas éisteacht go criticiúil agus freagairt go machnamhach don cheol le feiceáil i bplé saibhir agus i machnamh scríofa. D'úsáid na múinteoirí straitéisí difreáilte a chuir ar chumas gach scoláire—beag beann ar a gcumais—foghlaím agus rath a bhaint amach.

Bhí an measúnú comhtháite go nádúrtha sa phróiseas foghlama. Fuair na scoláirí aiseolas tráthúil, cuiditheach a chabhraigh leo an saothar a chum siad a fheabhsú agus a dteicníc uirlise a chur chun cinn. Bhí piarmheasúnú agus féinmheasúnú leabaithe sa phróiseas freisin, lena gcothaíodh cultúr foghlama machnamhach. Chuir úsáid éifeachtach na teicneolaíochta—lena n-áiríodh bogearra nodaireachta agus uirlisí fuaimne digiteacha—le cruthaitheacht agus thacaigh sí le foghlaim neamhspleách. Chuir na scoláirí a gcuid oibre in iúl trí thairneadtaí agus trí thairbhithé beo. Mar thoradh, léirigh na scoláirí tuiscint dhomhain ar an gceol, oilteacht theicniúil agus díograis dhílis don ábhar. Léirigh a n-éachtaí i measúnuithe ranga agus i scrúduithe ceoil seachtracha ardcháilíocht an teagaisc agus an timpeallacht foghlama ionchuimsitheach, thacúil a chothaigh an roinn.

Eispéiris na bhfoghlaiméirí

Cuimsítear leis an réimse seo agus na caighdeáin ghaolmhara eispéiris foghlama na scoláirí mar a léirítear i leibhéil rannpháirtíochta; fáis, féinmhachnaimh agus forbartha mar bhfoghlaiméirí ar feadh an tsaoil.

Agus eispéiris na bhfoghlaiméirí á bhfiosrú acu, féadfaidh roinn an cheoil na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun a dheimhniú cé acu atá an méid seo a leanas fíor nó nach bhfuil:

- glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis
- fásann siad mar bhfoghlaiméirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil

- déanann siad machnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad tuiscint ar a gcuid úinéireachta agus freagrachta as a gcuid foghlama
- faigheann siad deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsoil.

Nuair atá eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa Cheol ar ardchaighdeán:

Glacann scoláirí páirt ghníomhach i gceachtanna a mbíonn cuspóir leo agus atá ionchuimsitheach agus saibhir ó thaobh an cheoil de. Leagann múinteoirí ceachtanna amach go héifeachtach, ag baint úsáid as sraith gníomhaíochtaí éagsúla atá ar an luas ceart agus atá freagrúil do riachtanais agus spéiseanna na scoláirí. Déantar critéir ratha a shoiléiriú, rud a thugann deis do scoláirí a gcuid oibre féin a mheas agus tuiscint a fháil ar conas dul i bhfeabhas.

Cuimsíonn teagasc ceoil ar ardchaighdeán na trí phríomhdhisciplín: éisteacht, cumadóireacht agus léiriú. Níl na gnéithe sin á múineadh ina n-aonar, ach bíonn baint acu le chéile ar bhealach suntasach. Mar shampla, d'fhéadfadh scoláirí an píosa ceoil a anailísiú, teicnící cumadóireachta a shainaithint, iad a chur i bhfeidhm ina saothar cruthaitheach féin agus ansin a saothair a sheinm. Cuireann an cur chuige comhtháite sin le tuiscint agus neartaíonn sé eolas teoriciúil trí chur i bhfeidhm praiticiúil. Maidir le húsáid an mhodha “Fuaim roimh Shiombail”, ina bhforbraíonn scoláirí feasacht éisteachta sula mbíonn siad ag plé le nodaireacht, tá sí an-éifeachtach chun líofacht sa cheol a fhorbairt.

Is gné thábhachtach d'eispéiris foghlama éifeachtacha í comhoibriú na scoláirí. Tugtar deiseanna d'fhoghlaimeoirí oibriú i mbeirteanna nó i ngrúpaí, go minic le ról atá sainmhínithe go soiléir, a spreagann freagracht, obair foirne agus cruthaitheacht. Cothaíonn tascanna comhoibríocha fiosrú, plé, agus réiteach fadhbanna, agus cuirtear ar chumas na scoláirí ceisteanna a chur, smaointe a thástáil agus a gcuid smaointe ceoil a bheachtú i dtimpeallacht thacúil agus ionchuimsitheach leis an bhfoghlaim atá bunaithe ar fhiosrú.

Forbraítear litearthacht ceoil go gníomhach trí stór focal teicniúil agus coincheapa teoriciúla a úsáid go leanúnach. Spreagtar scoláirí a smaointeoireacht ceoil a chur in iúl trí úsáid téarmaíochta cuí ó bhéal agus i scríbhinn. Leabaíonn múinteoirí stór foclóir go fóinteach i bplé sa seomra ranga agus úsáideann siad ceisteanna oscailte chun anailís, réasúnú agus machnamh a spreagadh. Cothaítear smaointeoireacht chriticiúil leis an gcur chuige sin agus neartaítear rannpháirtíocht leis an ábhar.

Úsáidtear teicneolaíochtaí foghlama digiteacha (TFD) go straitéiseach chun eispéireas foghlama a fheabhsú. Úsáideann scoláirí bogearraí ceoil chun a saothar a chumadh, eagarthóireacht a dhéanamh air agus é a mheas, agus faigheann siad aiseolas láithreach lena dtacaítear le dul chun cinn. Úsáidtear ardáin dhigiteacha freisin chun acmhainní a roinnt, faireachán a dhéanamh ar fhoghlaim agus comhoibriú a éascú. Nuair a chruthaíonn scoláirí punanna

digiteacha nó nuair a ghlacann siad páirt i dtascanna atá bunaithe ar thaighde, forbraíonn siad neamhspleáchas agus muinín in úsáid na teicneolaíochta mar uirlis chruthaitheach agus mheastóireachta.

I dtimpeallachtaí ranga ionchuimsitheacha agus measúla leagtar béim ar ardcháilíocht foghlama. Forbraíonn múinteoirí caidrimh dhearfacha lena chothaítear rannpháirtíocht, féinléiriú agus meas ar a chéile, rud a chinntíonn go mbíonn eispéireas rathúil ag scoláirí agus go mbaineann siad taitneamh as a bhfoghlaím cheolmhar.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- Conas a éascaítear forbairt príomhscileanna sa tsraith shóisearach leis an staidéar ar an gCeol?
- Cé chomh mór is a thacaítear le scoláirí páirt a ghlacadh ar bhealach dáiríre agus a chuirtear ar a gcumas critéir ratha a chruthú agus a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid foghlama le dearadh tascanna foghlama?
- Cé chomh héifeachtach agus is féidir le scoláirí a gcuid oibre féin agus obair daoine eile a anailísiú go criticiúil agus freagairt di agus iad ag baint úsáid as critéir chomhaontaithe?
- Conas a dhéanaimid faireachán ar chur i bhfeidhm aiseolais ó mhúinteoir agus/nó ó phiaraí chun tacú le dul chun cinn san fhoghlaím?
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag na scoláirí?

An chaoi ar fheabhsaigh roinn ábhair amháin cáilíocht eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa Cheol:

Chuir roinn ceoil amháin feabhas ar eispéiris na bhfoghlaimeoirí trí mheascán de phleanáil straitéiseach agus de chleachtais ionchuimsitheacha. Agus an gá le rannpháirtíocht na scoláirí sa chumadóireacht a neartú á aithint, chuir an roinn straitéisí chun feidhme a chuir ar chumas gach foghlaimeora, beag beann ar a gcumas, rath a bhaint amach. D'oibrigh scoláirí go héifeachtach le chéile gan mórán cúnamh ón múinteoir, agus iad ag fiosrú smaointe ceoil go teoiriciúil agus trí thaibhiú. Mar thoradh ar an bpróiseas sin chum na scoláirí saothair chruthaitheacha agus cothaíodh scileanna láidre smaointeoireachta criticiúla chomh maith le fíorúinéireacht ar an bhfoghlaím.

Bhí an timpeallacht foghlama ionchuimsitheach agus tacúil. Luaigh scoláirí gur bhraith siad go raibh meas orthu agus go raibh siad dearbhaithe, agus go raibh siad sásta go raibh an múinteoir toilteanach tacaíocht bhreise a thabhairt dóibh. Bhí cleachtais mheasúnaithe ar ardchaidreamh le feiceáil, agus bhí aiseolas mionsonraithe scríofa agus coigeartuithe fíor-ama ann lena cothaíodh feabhsú leanúnach agus gaisce do chách.

Cleachtas aonair na múinteoirí

Cuimsítear leis an réimse seo agus na caighdeáin ghaolmhara eolas agus scileanna na múinteoirí, an úsáid a bhaineann siad as cleachtais a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn, an úsáid a bhaineann siad as cur chuige cuí teagaisc, agus a bhfreagracht do riachtanais foghlama aonair.

Agus cleachtas aonair na múinteoirí á fhiosrú acu, féadfaidh múinteoirí ceoil na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun a dheimhniú cé acu atá an méid seo a leanas fíor maidir leis na múinteoirí nó nach bhfuil:

- tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga riachtanacha acu
- úsáideann siad cleachtais phleanála, ullmhaithe agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn
- roghnaíonn agus úsáideann siad cuir chuige theagaisc a oireann do na hintinní foghlama agus do riachtanais foghlama na scoláirí
- freagraíonn siad do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc a idirdhealú de réir mar is gá.

Nuair atá cleachtas aonair an mhúinteora sa Cheol ar ardchaighdeán:

Baineann múinteoirí úsáid éifeachtach as raon leathan acmhainní, lena n-áirítear teicneolaíochtaí, chun deiseanna foghlama spreagúla, éagsúla, gníomhacha agus a bhfuil cuspóir leo a dhearadh do gach scoláire. Cuirtear gníomhaíochtaí foghlama agus cuir chuige mheasúnaithe in oiriúint go cúramach chun riachtanais, cumais agus spéiseanna éagsúla na scoláirí a léiriú. Déanann múinteoirí faireachán leanúnach ar dhul chun cinn na scoláirí le linn na gceachtanna agus athraíonn siad a straitéisí teagaisc go freagrúil chun tacú leis an bhfoghlaim. Úsáidtear uirlisí digiteacha go táirgiúil chun críocha cumadóireachta agus measúnaithe, rud a chuireann ar chumas scoláirí a bheith rannpháirteach go cruthaitheach agus scileanna láidre féinmheasúnaithe a fhorbairt.

Glacann múinteoirí páirt ghníomhach i bhfoghlaim ghairmiúil, lena n-áirítear na deiseanna a chuireann Oide, an tseirbhís forbartha gairmiúla do cheannairí agus do mhúinteoirí scoile, ar fáil. Baineann siad leas freisin as tionscnaimh ábhartha eile a fheabhsaíonn a gcleachtas i múineadh an cheoil.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- Conas is féidir tascanna foghlama agus acmhainní a idirdhealú chun freastal ar riachtanais éagsúla na scoláirí agus timpeallacht seomra ranga ionchuimsitheach a chur chun cinn?

- Conas is féidir cuir chuige theagaisc agus foghlama a dhearadh chun tuiscint na scoláirí ar choincheapa ceoil a threisiú agus a bhforbairt mar cheoltóirí a chothú?
- Conas is féidir teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú agus iad a fheabhsú?
- An ndéanaimid raon straitéisí ceistithe agus cur chuige measúnaithe a phleanáil agus an mbainimid úsáid astu, lena meastar tuiscint na scoláirí, lena gcothaítear smaoineamh ardoird agus lena spreagtar rannpháirtíocht san fhoghlaim go héifeachtach?
- Conas a chuireann an phleanáil treoir agus tacaíocht ar fáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú sa seomra ranga ceoil?

An chaoi a ndearna múinteoir amháin athbhreithniú ar a gcuir chuige theagaisc chun freagairt do riachtanais foghlama na scoláirí:

Rinne an múinteoir a gcuir chuige theagaisc a oiriúnú mar fhreagairt d'aiseolas na scoláirí agus do riachtanais foghlama a breathnaíodh. Sainithníodh go raibh roinnt gníomhaíochtaí cumadóireachta ródhírithe ar an scrúdú, agus nach raibh na scoláirí go hiomlán páirteach leo. Mar fhreagairt air sin, rinne an múinteoir a straitéisí a éagsúlú trí níos mó gníomhaíochtaí praiticiúla ceoil agus éisteachta a chomhtháthú sna ceachtanna cumadóireachta. Chuir an cur chuige sin ar chumas na scoláirí naisc ní b'fhiúntaí a chruthú idir cumadóireacht agus eispéiris cheoil bharántúla, rud a neartaigh a gcruthaitheacht agus a rannpháirtíocht.

Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí

Cuimsítear leis an réimse seo agus na caighdeáin ghaolmhara forbairt ghairmiúil agus comhoibriú na múinteoirí, a gcomhoibriú chun deiseanna foghlama na scoláirí a leathnú, a n-úsáid chomhchoiteann as cleachtais mheasúnaithe iontaofa agus roinnt a gcuid saineolais chun acmhainn a thógáil.

Agus cleachtas comhchoiteann/ comhoibríoch múinteoirí á fhiosrú acu, féadfaidh roinn an cheoil na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun a dheimhniú cé acu atá an méid seo a leanas maidir le múinteoirí fíor nó nach bhfuil:

- tá meas ag múinteoirí ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu
- oibríonn múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de
- i gcomhar lena chéile, forbraíonn múinteoirí cleachtais measúnaithe fhoirmithigh agus shuimithigh atá comhsheasmhach agus iontaofa agus cuireann siad i bhfeidhm iad

- cuidíonn múinteoirí leis an acmhainn uile-foirne a fhorbairt trína saineolas a roinnt.

Nuair atá cleachtas comhchoiteann na múinteoirí sa Cheol ar ardchaighdeán:

Tá cleachtais chomhoibríocha an-éifeachtach bunaithe ag roinn an cheoil trí struchtúir phleanála fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Déanann múinteoirí ceachtanna a phleanáil le chéile, roinneann siad acmhainní lena chéile agus déanann siad machnamh ar straitéisí teagaisc agus foghlama go rialta. Tá an comhoibriú láidir sin le feiceáil go soiléir i gcáilíocht chomhsheasmhach an teagaisc agus na foghlama sna ranganna agus bliainghrúpaí éagsúla.

Dearann múinteoirí measúnuithe coiteanna chun a chinntiú go bhfuil gach scoláire, beag beann ar a ngrúpa ranga, ag obair i dtreo na dtorthaí foghlama céanna atá beartaithe. Úsáidtear ardán digiteach comhroinnte chun pleananna, acmhainní agus taifid mheasúnaithe a stóráil, rud a dhéanann obair chomhoibríoch éifeachtúil agus trédhearcach. Comhroinneann múinteoirí freisin samplaí d'obair na scoláirí agus déanann siad trasmharcáil idir ranganna éagsúla. Cothaíonn an cleachtas sin comhsheasmhacht sa mheasúnú agus cuireann sé deiseanna luachmhara foghlama gairmiúla ar fáil do gach ball de roinn an cheoil.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- Cé chomh héifeachtach is a dhéanann roinn an cheoil pleanáil d'aistriú na scoláirí chuig an meánscoil agus dá ngluaiseacht go dtí an tsraith shinsearach agus a thacaíonn sí leis sin?
- Cé chomh minic is a phléann roinn an cheoil teagasc, foghlaim agus measúnú le linn a gcruinnithe?
- An bhfuil deiseanna ag múinteoirí páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ghairmiúil agus an foghlaim a fhaightear ó na heispéiris sin a roinnt lena gcomhghleacaithe?
- An gcuimsíonn roinn an cheoil tosaíochtaí FMS scoile uile ina pleanáil don teagasc agus don foghlaim?
- An bhfuil deiseanna ag roinn an cheoil comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha nó tacaíocht a fháil uathu chun eispéiris foghlama na scoláirí a fheabhsú?

An chaoi ar fheabhsaigh roinn ceoil amháin cleachtas comhoibríoch na múinteoirí:

Bhí roinn ceoil amháin gníomhach go mór i bpróiseas FMS na scoile, go háirithe sna réimsí a bhain le measúnú ar an bhfoghlaim agus tuairisciú do thuismitheoirí. Bhí an bhéim scoile uile sin le feiceáil go soiléir i gcleachtais na roinne. Chuir múinteoirí na spriocanna FMS a aontaíodh chun feidhme trí

cháilíocht agus comhsheasmhacht an aiseolais a thugtar do scoláirí a fheabhsú, ó bhéal agus i scríbhinn araon. Léiríodh i dtuarascálacha a eisíodh do thuismitheoirí ailíniú láidir le spriocanna FMS na scoile.

Chun tacú leis an obair sin, neartaigh an roinn cheoil a cleachtas phleanála chomhoibríoch. Roinn múinteoirí taifid mheasúnaithe agus doiciméid phleanála trí ardán digiteach na scoile, rud a chuir trédhearcacht agus comhsheasmhacht chun cinn ar fud na ngrúpaí ranga. Úsáideadh amanna cruinnithe foirmiúla chun machnamh a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim, agus chun straitéisí na roinne a ailíniú le tosaíochtaí scoile uile. Ní hamháin gur thacaigh an cur chuige comhoibríoch sin le cur chun feidhme éifeachtach spriocanna FMS, ach chothaigh sé cultúr freagrachta comhroinnte agus feabhsúcháin leanúnaigh laistigh den roinn.

An doiciméad seo a úsáid chun tacú le do straitéis scoile uile FMS – sampla praiticiúil

	An Scoil Uile	Roinn an Cheoil
Fócas a aithint	<p>Sampla:</p> <p>Chun tacú le scoláirí machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaiméirí agus úinéireacht agus freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaím féin trí dhíriú ar straitéisí lena gcabhraítear leo feabhsuithe a dhéanamh ar a gcuid oibre scríofa.</p>	<p>Cuirimid ceisteanna orainn féin mar mhúinteoirí, agus déanaimid machnamh ar an bhfócas maidir leis an tsonraíocht, agus leis an gcleachtas sa seomra ranga amhail:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Conas is féidir linn úinéireacht na bhfoghlaimeoirí ar a bhfoghlaím féin a spreagadh? • Conas is féidir linn tacú le scoláirí breithiúnais agus cinntí a dhéanamh maidir lena bhfoghlaím agus lena ndul chun cinn?
Fianaise a bhailiú	<p>Tá raon cur chuige ann is féidir a úsáid chun fianaise a bhailiú le haghaidh an réimse fócais seo. Mar shampla,</p> <ul style="list-style-type: none"> • Fócasghrúpa scoláirí • Ceistneoir do gach scoláire/sampla scoláirí • Athbhreithniú ar phleanáil ábhair • Piarbhreathnóireacht na múinteoirí chun cleachtais reatha a shainaithint 	<p>Le fócas ar straitéisí chun úinéireacht na scoláirí ar a bhfoghlaím féin a spreagadh, d'fhéadfaimis:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Labhair le scoláirí faoi na rudaí a chabhraíonn leo foghlaim • Straitéisí a shainaithint lena dtugtar cumhacht do scoláirí úinéireacht agus freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaím féin, mar shampla critéir ratha nó rúbricí a úsáid chun cáilíocht a gcuid oibre scríofa a mheas • A chinntiú go gcuirtear am san áireamh i bpleananna ceachta chun deis a thabhairt do scoláirí machnamh a dhéanamh ar aiseolas agus gníomhú air chun a gcuid oibre a fheabhsú • Cleachtais a roinnt maidir le haiseolas leanúnach, éifeachtach agus spriocdhírthe a thabhairt chun cabhrú le scoláirí a gcuid oibre a chur in eagar agus a fheabhsú • Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a dtuairiscimid ar dhul chun cinn na scoláirí, sa seomra ranga agus ag príomhchéimeanna ina dturas foghlama

<p>Anailís a dhéanamh agus breithiúnais a dhéanamh</p>	<p>Léirítear san fhianaise a bailíodh cleachtais éifeachtacha a úsáideann múinteoirí, amhail:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Critéir ratha a chomhchruthú • Idirghníomhaíochtaí ranga táirgiúla, mar shampla plé láidir agus deiseanna foghlama comhoibríocha • Scoláirí ag baint leas d'aon turas as aiseolas chun a gcuid oibre a fheabhsú 	<p>D'fhéadfadh fianaise na nithe seo a leanas a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cé go bhfuil critéir ratha á n-úsáid againn, caithfimid oibriú ar na critéir sin a chomhchruthú le scoláirí • Tá gá le níos mó deiseanna do scoláirí plé a dhéanamh lena chéile sa seomra ranga • Tá gá le haiseolas níos soiléire agus níos oiliúnaí chun tacú go héifeachtach le scoláirí a gcuid oibre a chur in eagar agus a fheabhsú
<p>Tuairisc agus plean feabhsúcháin a scríobh agus a chomhroinnt</p>	<p>Tugaimid gealltanais sa phlean feabhsúcháin na cleachtais dhearfacha seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go forleathan agus go héifeachtach ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal na ranna ábhar</p>	<p>Déanfaidh an roinn ábhair na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cleachtais éifeachtacha teagaisc agus chomhtheagaisc a phlé agus a roinnt • Samplaí de chuir chuige teagaisc idirdhealaithe éifeachtaigh a roinnt le haghaidh seomra ranga ionchuimsitheach • Réimsí spriocdhírthe a bhfuil béim orthu le forbairt a chomhchruthú; lena n-áirítear tréimhsí ama cuí maidir le conas a dhéanfar na feabhsuithe a athbhreithniú agus a thomhas
<p>Plean feabhsúcháin a chur i ngníomh</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beartas measúnaithe a leasú chun tacú leis an bplean • É a chur i bhfeidhm ag leibhéal na roinne ábhair • Struchtúir thras-rannacha a bhunú chun cur chun feidhme comhsheasmhach a chumasú 	<ul style="list-style-type: none"> • Critéir ratha idirdhealaithe a chruthú i gcomhar leis na scoláirí ionas gur féidir leo obair ar bhealach a bhfuil cuspóir leis • Idirghníomhaíochtaí ranga a phleanáil a chuireann ar chumas na scoláirí foghlaim lena chéile agus óna chéile • Cleachtais mheasúnaithe aontaithe a chur chun feidhme lena gcabhraítear leis na scoláirí

Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus tionchar a mheas	<ul style="list-style-type: none">• An bhfuil cur i bhfeidhm comhsheasmhach ann?• An bhfuil gá le coigeartuithe?• An raibh an próiseas inbhainistithe?• An raibh an próiseas fóna?• Conas a thacaigh an plean le scoláirí a bheith ina ngníomhairí ina gcuid foghlama féin?	<ul style="list-style-type: none">• Cad é an t-aiseolas ó scoláirí?• An gá dúinn athruithe a dhéanamh? Cén fáth?• An raibh an próiseas inbhainistithe agus an bhfuil brí leis sa Cheol?• Conas is féidir linn leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bpróiseas agus é a fhorbairt?
--	---	--

Foinsí tagartha breise chun tacú le ranna ábhair féinmheastóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim ábhair an Cheoil

- Suirbhé ar thuairiscí cigireachta ar theagasc agus ar fhoghlaim an Cheoil a tiomsaíodh ó shuíomh gréasáin na RO ([féach anseo](#) le haghaidh cóipeanna de thuairiscí cigireachta ábhair agus tuairiscí cigireachta leantacha ar chigireachtaí ábhar an Cheoil)
- [Tacar Uirlisí um Dhíriú ar an bhFoghlaim, CNCM](#)
- Acmhainní ar líne ón bhfoireann chomhairleach ceoil de chuid [Oide](#)
- Uirlisí scrúdaithe [Choimisiún na Scrúduithe Stáit \(CSS\)](#), amhail iarpháipéir scrúdaithe, scéimeanna marcála agus tuarascálacha an Phríomh-Scrúdaitheora
- Ciorcláin ina ndéantar achoimre ar na hábhair atá leagtha síos don ábhar
- [Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí agus na Treoirlínte Measúnaithe gaolmhara](#)
- An [Creat Foghlama Digití](#)
- [Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile](#)
- [Féinmheastóireacht na Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026](#)